# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2019

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanaigh 9 & 10 den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh
.

## PÁIPÉAR 1
**(150 marc)**

**ROINN I** **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** **40 MARC**

Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn de réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

**Cuid A** (16 mharc)

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 8] **= <u>16 mharc</u>.**

**Cuid B** (12 mharc)

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 6] **= <u>12 mharc.</u>**

**Cuid C** (12 mharc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 6] **= <u>12 mharc.</u>**

<u>A + B + C = **40 marc**</u>

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [ - 0 / -1 / - 2 ]** a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

**ROINN II** **LÉAMHTHUISCINT** **40 MARC**

**Ceist 1 (**40 marc**)**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A.** **(**20 marc**)**

Tá **cúig** cheist, 1 – 5, le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna **1, 2 & 3** (a) 2 + (b) 2 = 4 x 3 = **12 mharc.**
Tá **dhá** mhír eolais á lorg ar cheist 4 & 5: <u>(2 + 2) x **2** = **8 marc**.</u>
[4 mharc x 5] **= 20 marc.**

**B.** **(**20 marc**)**

Tá **cúig** cheist, 1 – 5, le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceiste **1**; (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc.**
Tá **dhá** mhír eolais á lorg ar cheisteanna **2 & 3**: (2+2=4) +(2+2=4) = **8 marc.**
Tá freagra **ceart amháin** á lorg i gcás ceisteanna **4 & 5** = 4 + 4 = **8 marc.**
[4 mharc x 5] **= 20 marc.**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [- 0 / -1 / - 2 ]** a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

Freagair A ***agus*** B anseo.

**A. (10marc)**
Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá** mharc an ceann ar gach mír eolais atá ceart.
[2 mharc x 5] **= 10 marc.**

**B. (10 marc**) Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc an ceann** ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] **= 10 marc.** **A+ B. = 20 marc**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Treoir:** Bheifí ag súil, sa mharcáil anseo, le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

**Ceist 3. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Stíl:** = 2 mharc.
**Ábhar:** = 8 marc.
**Gaeilge:** = 40 marc.

Iomlán: 40 + 8 + 2 = **50 marc**.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B agus C**.

## PÁIPÉAR II
**(90 marc)**

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

• **Tuiscint**: 4 mharc x 3 = 12.

**Buntuiscint**:

(i) 4 mharc

(ii) 4 mharc

(iii) 4 mharc

**Léirthuiscint**:

(i) 4 mharc = [2 + 2]

(ii) 4 mharc = [2 + 2]

(iii) 4 mharc = [2 + 2]

• **Gaeilge**: + **3 mharc** [+ 1 / + 2 / + 3]

Iomlán = (4 x 3) + 3 = **15 mharc**.

**Ceist 2. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair:** = 1 mharc
**Ainm an údair**: = 1 mharc
**Ábhar**: = 5 mharc [5/4/3/ 2/1/0]
**Gaeilge**: = 8 marc [8/7/6/5/4/3/ 2/1/0]
= **15 mharc**

A *nó* B = 1+1+5+8 = **15 mharc**

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

**Tuiscint**: **4 mharc** (4 x 3) = **12 mharc. Gaeilge**: **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Buntuiscint**:

(i) 4 mharc

(ii) 4 mharc

(iii) 4 mharc

**Léirthuiscint**:

(i) 4 mharc = [2 + 2]

(ii) 4 mharc = [2 + 2]

(iii) 4 mharc = [2 + 2]

• **Gaeilge**: + **3 mharc** [+ 1 / + 2 / + 3]

Iomlán = (4 x 3) + 3 = **15 mharc**.

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin:** = 1 mharc
**Ainm an fhile:** = 1 mharc
**Ábhar**: = 5 mharc [5/4/3/ 2/1/0]
**Gaeilge**: = 8 marc [8/7/6/5/4/3/ 2/1/0]
**= 15 mharc**

**A *nó* B :** 1 + 1 + 5 + 8 **= 15 mharc.**

| ROINN IV | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

## Ceist 5

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

**Foirmlí**: F = 3 mharc

**Ábhar**: Á = 10 marc

**Gaeilge**: G = 17 mharc

3 + 10 + 17 **= <u>30 marc.</u>**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1.** **Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

- **Seoladh:** 1 mharc
- **Beannú:** 1 mharc
- **Críoch:** 1 mharc

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh <u>agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin</u> ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

| **3.** | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

Litreacha neamhfhoirmeálta is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

**OIRIÚNTAS RÉASÚNTA**

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáth shlí de réir na scéime marcála agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

**PÁIPÉAR 1 (S.7)**

| ROINN I | AN TRIAIL CHLUASTHUISCEANA | 40 MARC |
|---|---|---|

**Treoir:** Ní bhaintear marc ar bith anseo maidir le Gaeilge lochtach.

| ROINN II | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

**Treoir**: ar aon dul leis an ngnáth scéim mharcála

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3 (50 marc)**

**Ábhar**: 8 marc. **Stíl:** 2 mharc. **Gaeilg**e: 40 marc. 8 + 2 + 40 = 50 marc.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1.**  15 – 24: + **2.**  25 – 34: + **3**.

35 – 36: + **4**.  37, 38, 39 > **40**.

**PÁIPÉAR II (S.8)**

| ROINN IV | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.

**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar thuiscint.

**Ceist 2.**

**Gaeilg**e: 8 marc. **Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**.  5 – 6: + **2**.  7 > **8**.

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.
**Gaeilge**: 1 mharc.
**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge**: 8 marc.
Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:
2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.

| ROINN III | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5.**

**Gaeilge:** 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

4 – 7: + **1**. 8 – 11: + **2.** 12 – 14: + **3**. 15, 16 > **17**.

## Nótaí:

# Freagraí Samplacha
# S.7 & S.8

## Páipéar I

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

**CUID A**

**1. AN CHÉAD CHAINTEOIR**

*Go mbeannaí Dia daoibh. Is mise Liam de Staic. Is páiste aonair mé. Rugadh agus tógadh i gCathair Luimnigh mé. Tá siopa grósaera ag mo mháthair in aice leis an stáisiún traenach. Is aoibhinn liom iománaíocht. Bhíos ríméadach agus bródúil anuraidh nuair a bhuaigh foireann iomána Luimnigh Cluiche Ceannais Iománaíochta na hÉireann. Tá spéis agam sa cheol traidisiúnta agus déanaim rince Gaelach freisin.*

| **Ainm** | **Liam de Staic** |
|---|---|
| Cá háit ar rugadh Liam? | • I gcathair Luimnigh<br>• Luimneach |
| Cén saghas siopa atá ag máthair Liam? | • (Siopa) grósaera |
| Ainmnigh an spórt is aoibhinn le Liam. | • Iománaíocht / Iomáint |
| Cén saghas ceoil is spéis le Liam? | • (Ceol) traidisiúnta |

**2. AN DARA CAINTEOIR [C]**

*Cén chaoi a bhfuil sibh? Karolina Petrauskas anseo. Rugadh mé sa Liotuáin in 2004. Tháinig mé go hÉirinn le mo theaghlach sa bhliain 2006. Is dochtúir í mo mháthair agus oibríonn m'athair sa bhaile. Freastalaím ar mheánscoil lán-Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Is maith liom a bheith ag foghlaim teangacha difriúla agus is aoibhinn liom an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach.*

| **Ainm** | **Karolina Petrauskas** |
|---|---|
| Cathain a tháinig Karolina go hÉirinn? | • 2006 |
| Cén obair a dhéanann a máthair? | • Is dochtúir í<br>• Dochtúir<br>• Leigheas |
| Cén saghas scoile a bhfuil Karolina ag freastal uirthi? | • Meánscoil / lán-Ghaeilge |
| Cad is aoibhinn le Karolina? | • An Ghaeilge / cultúr Gaelach |

## CUID B

### 1. FÓGRA [U]

*Gabhaigí mo leithscéal. An Príomhoide Tánaisteach ag caint libh. Beidh an Seó Faisin Bliantúil ar siúl sa scoil oíche Dé hAoine ag tosnú ag leathuair tar éis a hocht. Buachaillí agus cailíní ón séú bliain a bheidh mar mhainicíní ar an oíche. Is iad na siopaí faisin i Leitir Ceanainn a chuirfidh na héadaí ar fáil. Meabhraígí an seó faisin do bhur dteaghlaigh agus do bhur gcairde, le bhur dtoil.*

**(a)** Cad a bheidh ar siúl sa scoil oíche Dé hAoine?

- Seó Faisin Bliantúil na scoile.
- Seó Faisin.

**(b)** Cé a bheidh mar mhainicíní ar an oíche?

- Buachaillí / cailíní ón séú bliain.

**(c)** Cad a deirtear faoi na siopaí faisin i Leitir Ceanainn?

- Cuirfidh siad na héadaí ar fáil.

### 2. PÍOSA NUACHTA [C]

*Bhí ceiliúradh ar siúl ag Raidió na Life ar an 25 Méan Fómhair 2018 ina stiúideonna úrnua ar Shráid Amiens, Baile Átha Cliath. Thosaigh an stáisiún raidió ag craoladh cothrom an lae sin cúig bliana is fiche ó shin. Bíonn cláir spóirt, cheoil agus chainte ar siúl ar Raidió na Life gach lá. Thug an Taoiseach cuairt ar an stáisiún le linn an cheiliúrtha.*

**(a)** Cá háit a bhfuil Raidió na Life suite?

- Ar Shráid Amiens i mBaile Átha Cliath
- Ar Shráid Amiens
- I mBaile Átha Cliath

**(b)** Cén fáth a raibh Raidió na Life ag ceiliúradh?

- 25 bliana ag craoladh
- 25 bliana ar an aer
- Cothrom an lae sin cúig bliana is fiche ó shin a bunaíodh an staisiún.
- Thosaigh Raidió na Life ag craoladh don chéad uair ar an 25 Meán Fómhair 1993.
- Breithlá / 25 bliana d'aois

**(c)** Cé a thug cuairt ar an stáisiún an lá sin?

- An Taoiseach

## CUID C

**1.** **COMHRÁ A hAON**

**An Chéad Mhír**

| | |
|---|---|
| ***Seosamh***: | *Haigh, conas atá tú, a Mháire.* |
| ***Máire***: | *Dia duit, a Sheosaimh. Aon scéal agat?* |
| ***Seosamh***: | *Diabhal scéil, a Mháire, ach go bhfaca mé ar Nuacht a Sé ar an teilifís aréir tú. Bhí aoibh mhaith ort.* |
| ***Máire***: | *Ara, ní raibh ann ach go raibh mé i measc an tslua ag paráid na Féile Pádraig.* |

**(a)** Cá bhfaca Seosamh Máire aréir?
- Teilifís
- Nuacht a Sé

**An Dara Mír**

| | |
|---|---|
| ***Seosamh***: | *An raibh an pharáid go maith, a Mháire?* |
| ***Máire***: | *Bhí na flótaí, na bannaí ceoil agus na taispeantais ar fheabhas agus thaitin an pharáid go mór liom, a Sheosaimh.* |
| ***Seosamh***: | *Ag athrú scéil, a Mháire, ar mhaith leat dul go dtí Páirc Uí Chaoimh ar an Domhnach?* |
| ***Máire*** : | *Ba mhaith liom. Cé a bheidh ag imirt, a Sheosaimh?* |
| ***Seosamh***: | *Beidh foireann chamógaíochta Chorcaí in aghaidh fhoireann chamógaíochta Chill Chainnigh. Beidh mo dheirfiúr ag imirt le Corcaigh.* |

**(b)** Ar thaitin paráid paráid na Féile Pádraig le Máire.

- *Thaitin*

**(c)** Ainmnigh foireann **amháin** a bheidh ag imirt sa chluiche i bPáirc Uí Chaoimh.

- *Corcaigh*
- *Cill Chainnigh*

**2.** **COMHRÁ A DÓ**

**An Chéad Mhír**

| | |
|---|---|
| ***Sinéad***: | *An féidir liom labhairt le Ruairí, le do thoil?* |
| ***Ruairí***: | *Ruairí anseo. Cé atá ag caint liom?* |
| ***Sinéad*** : | *Sinéad Ní Bhreisleáin is ainm dom. Feicim ar DoneDeal go bhfuil giotár leictreach le díol agat.* |
| ***Ruairí***: | *Sea. Tá giotár ar an margadh agam. Tabhair €300 dom, a Shinéad, agus is leatsa é.* |

**(a)** Cén praghas atá á lorg ag Ruairí ar an ngiotár?

- €300 /Trí chéad euro / 300 euro

**An Dara Mír**

| | |
|---|---|
| ***Sinéad***: | *Praghas sách ard, a Ruairí. Ach inis dom faoin ngiotár?* |
| ***Ruairí***: | *Tá sé nua, nach mór, agus tá dath dearg air. Fuair mé mar bhronntanas é.* |
| ***Sinéad***: | *An bhféadaimis bualadh le chéile chun go bhfeicfinn an giotár?* |
| ***Ruairí***: | *Cinnte. Cad faoi Shligeach. An baile mór féin?* |
| ***Sinéad***: | *Iontach. Cuirfidh mé scairt eile ort ar ball beag agus socróimid am agus áit.* |

**(b)** Luaigh rud **amháin** eile a dúirt Ruairí faoin ngiotár.

- Tá sé nua, nach mór. / Tá dath dearg air./ Fuair sé mar bhronntanas é.
  Níl sé nua

**(c)** Cén fáth a gcuirfidh Sinéad scairt eile ar Ruairí?

- Chun an t-am / an áit a shocrú.

## Nótaí:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

## D'oscail an Ghaeilge doirse dom

**1.** Tá an láithreoir teilifíse aitheanta de chuid TG4, Caitlín Nic Aoidh, go mór i mbéal an phobail le déanaí. Bronnadh an gradam 'Pearsa Teilifíse na Bliana' uirthi ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne anuraidh. Is as Cloich Chionnaola i nGaeltacht Dhún na nGall di. Is aoibhinn léi ceol agus seinneann sí an fheadóg mhór. Canann sí amhráin fosta. Tá triúr deirfiúracha aici. Is le Gaeilge a tógadh an chlann.

**2.** Tar éis Scrúdú na hArdteistiméireachta d'fhreastail Caitlín Nic Aoidh ar Ollscoil Mhá Nuad, áit ar bhain sí céim BA agus iarchéim MA amach. Ansin chaith Caitlín tamall ag múineadh scoile i gcathair na Gaillimhe. Go gairid ina dhiaidh sin fostaíodh í mar láithreoir aimsire ar TG4 agus ó am go chéile cuireann sí cláir eile i láthair freisin. Anois tá ról nua eile ag Caitlín. Ceapadh í mar Ambasadóir na Gaeilge dá ceantar dúchais, Cloich Chionnaola.

**3.** Tá Cloich Chionnaola suite i nGaeltacht Dhún na nGall. Tá clú agus cáil ar mhuintir Chloich Chionnaola mar phobal láidir Gaeilge. Téann go leor daltaí agus ábhar múinteoirí ann achan bhliain chun barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge. Deir Caitlín Nic Aoidh go bhfuil teanga, oidhreacht agus cultúr den scoth acu ina paróiste. Tá sí dóchasach nach dtiocfaidh meath sna blianta amach romhainn ar shaibhreas na Gaeilge a labhraítear ann.

**4.** Deir Caitlín Nic Aoidh gur seoid luachmhar í an Ghaeilge a fuaireamar ó na glúnta a chuaigh romhainn. Deir sí nach mór dúinn togha na haire a thabhairt don Ghaeilge faoi choinne na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh. Admhaíonn Caitlín gur oscail an Ghaeilge doirse di. 'Is cuid thábhachtach de m'fhéiniúlacht í an Ghaeilge agus tá lúcháir agus bród orm canúint Chloich Chionnaola a chur chun tosaigh,' a dúirt sí.

**5.** Tá Caitlín Nic Aoidh ina heiseamláir don Éireannach óg comhaimseartha. Tá sí dílis don Ghaeilge, don Ghaeltacht, don chultúr agus dá háit dúchais. Téann leithéidí Chaitlín i gcion ar dhaoine óga agus ar shaol comhaimseartha na tíre. Tá fís aici do thodhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta. Beidh sí iontach sa ról nua seo mar Ambasadóir na Gaeilge do Chloich Chionnaola.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**1. (a)** Cén gradam a bronnadh ar Chaitlín Nic Aoidh ag Oireachtas na Samhna anuraidh?

- Pearsa Teilifíse na Bliana

**(b)** Cén uirlis cheoil a sheinneann Caitlín?

- An fheadóg mhór

**2. (a)** Cén chéad phost a bhí ag Caitlín tar éis di an ollscoil a fhágáil?

- Ag múineadh scoile / múinteoir

**(b)** Cad é an ról nua atá ag Caitlín anois?

- Ambasadóir na Gaeilge

**3. (a)** Cén fáth a dtéann go leor daltaí go Cloich Chionnaola?

- Chun barr feabhais / feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge

**(b)** Luaigh rud **amháin** a deir Caitlín faoi Chloich Chionnaola.

- A háit dúchais / Is Gaeltacht í / Tá teanga den scoth ann / Tá oidhreacht den scoth ann Tá cultúr den scoth ann / D'oscail an Ghaeilge doirse di / Tá súil aici nach dtiocfaidh meath ar shaibhreas na Gaeilge ann.

**4.** Luaigh **dhá** fháth nach mór aire a thabhairt don Ghaeilge.

- Alt 4 – Dhá phointe ar bith

**5.** Luaigh **dhá** shlí a dtéann Caitlín Nic Aoidh i gcion ar dhaoine óga.

- Tugann sí dea-shampla / Tá sí dílis  dá ceantar / Tá dílseacht agus dúthracht go smior inti / Tá fís aici do thodhchaí na Gaeilge / Tá fís aici do thodhchaí na gaeltachta / Léiríonn a saol nach constaic ar bith í an Ghaeilge / Tá buntáistí ag baint le Gaeilge a bheith agat.

**Nótaí :**

**B (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*.

## An Ghaeilge ag Electric Picnic

**1.** Tá *Electric Picnic* ar an bhféile cheoil is mó in Éirinn. Bíonn an fhéile ar siúl sa Sráidbhaile i gContae Laoise ag deireadh an tsamhraidh. Ó 2007 i leith tá áit dá gcuid féin ag muintir na Gaeilge ag *Electric Picnic*, is é sin Puball na Gaeilge. Bliain na Gaeilge a bhí ann in 2018 agus mar sin chomh maith le Puball na Gaeilge bhí ardán nua sa bhreis ag *Electric Picnic* le haghaidh imeachtaí siamsaíochta i nGaeilge. Ardán na Collchoille an t-ainm a bhí air. Bhí an t-ardán lonnaithe go feiceálach sa choill in aice le príomh-ardán na féile agus bhí radharc breá ag an lucht féachana air.

**2.** Thaitin sé go mór leis na daoine a bhí i láthair go raibh Gaeilge ag na freastalaithe a bhí ag obair sa chaife agus sa siopa a bhí in aice le hArdán na Collchoille. Bhí fonn ar dhaoine Gaeilge a labhairt nuair a thuig siad go raibh Gaeilge ag na daoine a bhí timpeall orthu. Dúirt urlabhraithe de chuid *Electric Picnic* go raibh ríméad agus bród orthu féin go raibh an Ghaeilge le cloisteáil i measc na dteangacha ar fad a bhí á labhairt ag an bhféile.

**3.** Bhí go leor bannaí ceoil agus amhránaithe ar Ardán na Collchoille le linn na féile. Ina measc bhí na bannaí REIC, Scannal, Seo Linn agus Dó Fá Dó. Chan na hamhránaithe Aindrias de Staic agus Lauren Ní Chasaide amhráin mhealltacha freisin. Chomh maith leis an gceol agus na hamhráin bhí steipeanna damhsa, dreasa scéalaíochta agus aithriseoireacht filíochta ar siúl ó am go chéile.

**4**. D'oibrigh Puball na Gaeilge agus Ardán na Collchoille as lámh a chéile. Is é Rossa Ó Snodaigh a thosaigh Puball na Gaeilge i dtús báire agus chuir sé na múrtha fáilte roimh Ardán na Collchoille. Tá súil ag Rossa, ag an lucht siamsaíochta agus ag na daoine uilig a bhí i láthair go leanfar ar aghaidh le hArdán na Collchoille agus Puball na Gaeilge araon ag *Electric Picnic* sna blianta atá le teacht.

**5.** Dúirt urlabhraithe de chuid *Electric Picnic* gur éirigh thar cionn le hArdán na Collchoille agus le Puball na Gaeilge in 2018. Thug siad le fios gur bhain daoine sult agus pléisiúr as an tsiamsaíocht ar fad agus as an atmaisféar taitneamhach a bhí le sonrú ann. Síleann siad nach bhfuil aon dabht faoi ach gur ó neart go neart a rachaidh Ardán na Collchoille agus an Ghaeilge ag *Electric Picnic* feasta.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**1. (a)** Cén áit a mbíonn *Electric Picnic* ar siúl?

- Sa Sráidbhaile / Contae Laoise

**(b)** Cén fáth a raibh fonn ar dhaoine Gaeilge a labhairt in aice le hArdán na Collchoille?

- Alt 1 abairt 4
- Pointe amháin as Alt 2

**2.** Luaigh **dhá** chineál siamsaíochta a bhí ar siúl ar Ardán na Collchoille.

- Ceol / Amhránaíocht / Damhsa / Scéalaíochta / Filíochta / Bannaí ceoil / Amhránaithe

**3.** Breac síos **dhá** phointe eolais faoi Rossa Ó Snodaigh.

- Alt 4 aon dhá phointe

**4.** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Is cinnte gur ag láidriú a bheidh siamsaíocht as Gaeilge ag *Electric Picnic* sa todhchaí.'**
( Alt 1; Alt 2; Alt 3; Alt 4; Alt 5 (Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)

- Alt 5

**5.** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Bhí suíomh lárnach ag Ardán na Collchoille os comhair an phobail ag *Electric Picnic*.'**
Alt 1; Alt 2; Alt 3; Alt 4; Alt 5 (Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)

- Alt 1

**Nótaí** :

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar**.

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A (10 marc) = [2x5 mharc]

Scríobh Éamon an cuntas seo thíos faoin bhfile clúiteach Nuala Ní Dhomhnaill a bhuaigh duais idirnáisiúnta le déanaí. D'iarr an múinteoir air an cuntas a athscríobh san **Aimsir Fháistineach**.

Léigh an fógra thíos agus athscríobh i do fhreagarleabhar é. Cuir na briathra atá sa chló trom san **Aimsir Fháistineach**.

**Sampla: Beidh** ócáid cheiliúrtha i Vársá na Polainne ar an 10 Bealtaine.

## Duais bronnta ar mhór-fhile Éireannach

- **Bronnfar** Duais Herbert ar an bhfile Gaeilge aitheanta, Nuala Ní Dhomhnaill.
- **Tarlóidh** an searmanas in Amharclann na Polainne.
- **Déarfaidh** Nuala Ní Dhomhnaill go **mbeidh** lúcháir uirthi an duais a fháil.
- **Déanfaidh** mórán daoine ar na meáin shóisialta comhghairdeas leis an bhfile.

## B (10 marc) = [2x5 mharc]

Anseo thíos tá giota téacs bunaithe ar alt in *tuairisc.ie*

**Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar**.

Líon na bearnaí sna habairtí **2**, **3**, **4** agus **5** thíos leis an bhfocal is oiriúnaí.
Aimsigh ainmfhocal **amháin** sa tuiseal ginideach uatha in abairt a **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar é.

## Haka Aki! Éire Abú!

**2.** Fuair siad an **ceann** is fearr ar Shasana an lá sin.

**3.** Ag deireadh an chluiche bhailigh an fhoireann **le** chéile i lár pháirc *Twickenham*.

**4.** Thóg Bundee Aki coiscéim **chun** tosaigh agus lig an chéad gháir ghaisce as.

**5.** Ba **as** Gaeilge a thóg Bundee Aki agus na himreoirí ar fad na gártha gaisce.

**6.** Caithfidh go raibh bainisteoir na **foirne** an-bhródúil astu.
**Ainmfhocal amháin san tuiseal ginideach uatha** = foirne.

**Nótaí**:________________________________________

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C** anseo thíos.
**(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)**

**Stíl**: 2 mharc **S = (2)**
**Ábhar**: 8 marc **Á = (28)** } = Iomlán: 2 + 8 + 40 **= 50 marc**.
**Gaeilge**: 40 marc **G = (40)**

### A. AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Nuair a bhuail mé le duine cáiliúil.
**(ii)** Is aoibhinn liom faisean.
**(iii)** Lá mór i mo shaol.
**(iv)** An clár teilifíse is fearr liom.
**(v)** Mo chara.

### B. SCÉAL / EACHTRA

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

Nuair a chuala mo thuismitheoirí an scéal bhí siad ar buile liom ...

**(ii)** Eachtra ghreannmhar a tharla le linn turas scoile.

### C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

**(i)** Níor chóir fóin phóca a bheith ag daltaí ar scoil.
**(ii)** Tá daoine óga an lae inniu leisciúil.

**Nótaí (**An Cheapadóireacht**):**

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

## S8 Páipéar II

**ROINN I** **PRÓS LITEARTHA** **30 MARC**

**Ceist 1. (15 mharc)**

# An Meaisín Ama

**1.** Is déagóir spraíúil, croíúil é mo chara, Amobi Adebayo. Tháinig sé agus a mhuintir ón Nigéir chun cónaithe in Éirinn in 2005. Chuir siad fúthu i mBaile na gClog agus is aoibhinn leo na daoine atá ina gcónaí ann. Tá tréith amháin ag Éireannaigh, áfach, nach maith le Amobi. 'Ní bhíonn go leor ama ag Éireannaigh riamh chun rudaí a dhéanamh. Bíonn brú ama orthu an t-am ar fad,' a deir Amobi. Ag gabháil leithscéalta a bhíonn Éireannaigh go rialta. 'Níl an t-am agam,' a deir duine amháin. 'Tá mé róghnóthach,' a deir duine eile. Lena cheart a thabhairt dó is fear óg domhain é Amobi Adebayo. Tá réiteach ar gach fadhb ach cur chuige i gceart, an dearcadh atá aige. Rud eile faoi is duine an-ábalta é.

**2.** Le tamall anuas bhíomar cinnte go raibh rud éigin ar bun ag Amobi. Chonaiceamar é ag dul ó theach go teach ag bailiú sean-trealamh cosúil le ríomhairí, fóin phóca, uaireadóirí agus fearais dhigiteacha eile. Murar leor sin mar chúis amhrais, chaith Amobi seachtain le linn na laethanta saoire thuas ag an Lárionad Athchúrsála ag póirseáil agus ag ransú trí na hearraí leictreacha. Le linn na tréimhse sin níor fhreagair sé téacsanna, glaonna fóin ná teachtaireachtaí, cé go bhfuil spéis mhór aige sna meáin shóisialta. Shíleamar go raibh sé sin ait.

**3**. 'Tá Amobi sa tseid ar chúl an tí. Ní féidir le haon duine cur isteach air,' a deireadh a mháthair go cneasta linn ag doras a thí. Sheasamar taobh amuigh de theach Amobi cúpla uair. Chuireamar cluas le héisteacht orainn. Chualamar an chleatráil agus an fothram ag teacht ó chúl an tí. Tar éis seachtaine nó dhó, áfach, rinneamar dearmad air agus níor labhraíomar faoi a thuilleadh. Ansin lá amháin tharla rud aisteach.

**4**. Bhí sé ceathrú chun a ceathair tráthnóna amháin nuair a stop gach gléas ama i mBaile na gClog. Níor bhog lámh uaireadóra ná figiúr digiteach. Bhí rang tíreolaíochta ar siúl sa scoil. Bhí cúig nóiméad fágtha. Rinne an múinteoir an Sahára. D'fhéach sí ar an gclog. Bhí cúig nóiméad le dul fós. Rinne sí an Kalahari. Ansin rinne sí an Amasóin. Bhí sí díreach ag béal na hAmasóine nuair a thosaigh na daltaí ag titim ina gcodladh. Thit an múinteoir ina codladh freisin. Ar fud an bhaile ní raibh teilifís ná raidió, clog ná uaireadóir, fón ná ríomhaire ag obair. Bhí sé ceathrú chun a ceathair i ngach áit. Thíos ag an monarcha bhí rí-rá agus ruaille buaille. Ní thabharfadh an bainisteoir cead do na hoibrithe dul abhaile.

**5**. Tar éis tamaill bhí gleo amuigh ar an tsráid. 'Tá cloig an bhaile stoptha,' a dúirt garda. 'Cá bhfuil Amobi Adebayo?' Rith an garda agus an slua go teach Amobi. Chuaigh an garda isteach an taobhgheata. Isteach leis sa tseid. 'Múch an meaisín sin,' a dúirt an garda. Rinne Amobi mar a dúradh leis. Chualamar mar a bheadh seantraein ghaile ag stopadh. Thosaigh gach clog agus fearas ama ag obair arís. Lig Baile na gClog osna mór faoisimh as. Ansin d'imigh gach duine abhaile. Tamall ina dhiaidh sin bhí Amobi Adebayo ag féachaint amach an fhuinneog. Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil ar na sráideanna. Sháigh sé a lámha i bpócaí a bhríste. Shearr sé a ghuaillí. D'iompaigh sé ón bhfuinneog. 'Is deacair daoine a shásamh,' a dúirt sé leis féin.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**Ceist 1. (15 mharc)**

**A (Buntuiscint)**

**(i)** Luaigh tréith **amháin** atá ag Éireannaigh nach maith le Amobi Adebayo. **(Alt 1)**

- Ní bhíonn dóthain ama ag Éireannaigh chun rudaí eile a dhéanamh.
- Bíonn brú ama ar Éireannaigh an t-am ar fad.
- Is ag gabháil leithscéalta a bhíonn Éireannaigh nuair a iarrtar orthu rud a dhéanamh.
- Bíonn Éireannaigh róghnóthach / róchruógach /róbhroidiúil.

**(ii)** Cén fáth ar sheas an t-údar taobh amuigh de theach Amobi cúpla uair? **(Alt 3)**

- Níor thug máthair Amobi cead dóibh dul isteach. Bhí Amobi amuigh sa tseid ar chúl an tí ach níorbh fhéidir le haon duine cur isteach air.
- Bhí an t-údar fiosrach faoi cad a bhí ar siúl ag Amobi sa tseid. Chuir sé cluas le héisteacht air. Chuala sé an chleatráil agus an fothram ag teacht ó chúl an tí.

**(iii)** Cad a tharla nuair a mhúch Amobi an meaisín? **(Alt 5)**

- Stop an meaisín.
- Chuala na daoine a bhí amuigh ar an tsráid mar a bheadh seantraein ghaile ag stopadh.
- Thosaigh na cloig agus na fearais ama ag obair arís.
- Lig Baile na gClog osna mór faoisimh as.
- D'imigh gach duine abhaile.

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** Déan cur síos gairid **i d'fhocail féin** ar an ngreann atá sa sliocht.

- Is scéal áibhéalach áiféiseach é ó thús deireadh. Téitear thar fóir le gach rud agus is uaidh sin a eascraíonn an greann atá sa scéal.
- Tá an eachtra sa rang tíreolaíochta fíorghreannmhar.
- Tá an rírá agus an ruaille buaile sa mhonarcha greannmhar.
- Tá críoch an scéil féin greannmhar.
- Is ainm barrúil é Baile na gClog i gcomhthéacs an scéil.
- Ní greann gan dealramh atá ann. Éiríonn leis an údar fíric a léiriú sa scéal. Is deacair daoine a shásamh. Bíonn daoine ag gabháil leithscéalta toisc nach bhfuil dóthain ama acu chun rudaí a dhéanamh. Reoigh Amobi cúrsaí ama dóibh ach níor thaitin sé sin leo ach oiread.
- Cuireann stíl inste an údair, stíl atá lom díreach cosúil le píosa iriseoireachta, cuireann sé go mór leis an ngreann sa scéal. Tá a theanga ina phluc ag an údar. Ní ligeann sé air go bhfuil áiféis nó áibhéil i gceist sa scéal.

**(ii)** Déan cur síos gairid **i d'fhocail féin** ar an saghas duine é Amobi Adebayo.

- Is déagóir spraíúil, croíúil é Amobi Adebayo. Tá sé sona sásta ann féin agus feith an ghrinn go smior ann.
- Is duine géarchúiseach é Amobi Adebayo. Tugann sé tréithe na n-Éireannach faoi deara. Tugann sé faoi deara go mbíonn brú ama ar Éireannaigh an t-am ar fad. Aithníonn sé na leideanna i gcaint na ndaoine 'Níl an t-am agam,' a deir duine amháin. 'Tá mé róghnóthach,' a deir duine eile. Ar an ábhar sin cuireann sé chuige an scéal seo a leigheas. Reonn sé cúrsaí ama.

- Is duine domhain agus smaointeach é Amobi Adebayo a bhfuil machnamh déanta aige ar an saol. Is é an dearcadh atá aige ná go bhfuil réiteach ar gach fadhb ach cur chuige i gceart. Ag deireadh an scéil feicimid an duine domhain machnamhach arís. Nuair a bhí air an meaisín ama a mhúchadh deirtear linn gur shearr sé a ghuaillí agus a go ndúirt sé leis féin go mba dheacair daoine a shásamh.
- Is déagóir cliste, éirimiúil é Amobi Adebayo. Caithfidh go raibh greim mhaith aige ar chúrsaí innealtóireachta nuair a d'éirigh leis meaisín ama a chur le chéile. Thuig sé cad a bheadh ag teastáil uaidh. Chuaigh sé ó theach go teach ag bailiú sean-trealamh cosúil le ríomhairí, fóin phóca, uaireadóirí agus fearais dhigiteacha eile agus chaith sé seachtain le linn na laethanta saoire ag an Lárionad Athchúrsála ag ransú trí na hearraí leictreacha.
- Bhí muinín aige as féin. Le linn an ama a raibh an meaisín ama á thógáil aige níor bhac sé lena chompánaigh. Níor fhreagair sé téacsanna, glaonna fóin ná teachtaireachtaí, cé go bhfuil spéis mhór aige sna meáin shóisialta. Is dócha gur shíl sé nach dtuigfeadh a chompánaigh cad a bhí ar bun aige agus go mbeidís ag caint faoi i measc an phobail. Léiríonn sé seo go raibh sé neamhspleách mar dhuine freisin nó go raibh sé pas beag rúnda ina cuid iompair.

**(iii)** Déan cur síos gairid **i d'fhocail féin** ar Bhaile na gClog.

- Sráidbhaile nó baile mór áit éigin in Éirinn is ea Baile na gClog.
- Is daoine cairdiúla iad muintir Bhaile na gClog. Is aoibhinn le Amobi iad.
- Pobal fáilteach atá ag cur fúthu ann. Is léir go gcuireann siad fáilte roimh imircigh.
- Tá scoil ann.
- Tá monarcha ann.
- Tá Ionad Athchúrsála sa chomharsanacht.
- Ainm barrúil i gcomhthéacs áirithe an scéil is ea Baile na gClog.

**Nótaí:**

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo.

**A (i)** *agus* **B (i)**
**Teideal an tsaothair:** = 1 mharc
**Ainm an údair:** = 1 mharc
**A (ii)** *agus* **B (ii): Ábhar**: = 5 mharc **Gaeilge**: = 8 marc **A** ***nó*** **B :** 1 + 1 + 5 + 8 **= <u>15 mharc</u>**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an *t-ábhar* céanna i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *ábhar* sin.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* sin agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha ceann **amháin** de *na hábhair* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an saghas sin *ábhair* i gceist ann.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir*.

| | | |
|---|---|---|
| (a) An Fharraige | (b) Spórt | (c) An Scoil |
| (d) An Óige | (e) An tSeanaois | (f) Gadaíocht |

Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

Nótaí: ______________________________________________

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3**. Léigh an dá dhán thíos: **Litreacha** le Mícheál Ó Ruairc agus **An Páiste Deiridh** le Réaltán Ní Leannáin. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*.

**(15 mharc)**

**Litreacha**

Faighim litreacha uait
gach aon oíche anois,
ó áiteanna chomh fada
ó bhaile le Rio de Janeiro;

litreacha agus cártaí poist,
agus tú ar do chamchuairt dhomhanda;
litreacha gan síniú, gan seoladh orthu.

Aithním do pheannaireacht bheag néata,
d'abairtí gonta, do thagairtí indíreacha
domsa. Faighim boladh do chumhráin
ó na leathanaigh. Le gach focal a léimse

titim i ngrá leat arís agus arís eile.
Ach titeann na deora ó mo shúile
nuair a thuigim nach bhfeicfidh mé
arís choíche an lámh do scríobh.

**An Páiste Deiridh**

Is mé i mo shuí anseo i seomra mo mhic,
tá mé ciúin ionam féin.
Braithim binneas éin
agus glaine earraigh i mbarr an tí.

Tarraingím anáil isteach
agus cloisim a gháire is a ghlór.
Ligim anáil amach
agus braithim an seomra fuar.

Rinne sé nead bheag dó féin
anseo i mbarr an tí,
go dtí gur oscail sé a sciatháin
is gur imigh sé uainn mar ba dhual.

Inniu tá mé suaimhneach
is na héin amuigh
agus an ghrian ag lonrú
anseo i mbarr an tí fholaimh.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A (Buntuiscint)**

**(i)** Luaigh a bhfuil ar siúl ag an duine atá ag scríobh chuig an bhfile sa dán *Litreacha*.

- Tá an duine ar chamchuairt dhomhanda.
- Tá an duine ag taisteal ar fud an domhain.

**(ii)** Cén áit sa teach a bhfuil an file sa dán *An Páiste Deiridh*?

- Tá sí ina suí i seomra a mic 'i mbarr an tí fholaimh'.
- Tá sí sa 'nead bheag' a rinne a mac dó féin 'i mbarr an tí'.
- Tá an file sa seomra a bhíodh ag a mac sular imigh sé ó bhaile / fhág sé an teach.
- Tá an file sa 'nead bheag' a rinne a mac dó féin i mbarr an tí 'go dtí gur oscail sé a sciatháin / is gur imigh sé 'óna mhuintir.

**(iii)** Cén chaoi a n-aithníonn an file an duine atá ag scríobh chuige sa dán *Litreacha*?

- Aithníonn an file an stíl pheannaireachta, í 'beag agus néata'.
- Aithníonn an file stíl inste an duine, 'abairtí gonta agus tagairtí 'indíreacha' don bhfile iontu.
- Aithníonn an file boladh an 'chumhráin' / 'ó na leathnaigh'.

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** Scríobh cuntas gairid i **d'fhocail féin** ar chosúlacht **amháin** atá idir an dá dhán.

- Tá duine a bhíodh i gcomhluadar an fhile imithe as baile uaithi / uaidh sa dá dhán. Sa dán *Litreacha* tá a ghrá geal nó b'fhéidir iníon nó mac imithe ag taisteal ar fud an domhain. Ar chúis éigin nach léir dúinn ní fheicfidh an file an duine 'arís choíche'. Sa dán *An Páiste Deiridh* tá mac leis an bhfile i ndiaidh an bhaile a fhágáil.
- Tá uaigneas agus brón ar na filí sa dá dhán.
  Sa dán *Litreacha* 'titeann na deora ó ' shúile an fhile nuair a thuigeann sé 'nach bhfeicfidh' sé 'arís choíche' an duine a scríobh an litir / na litreacha: 'nuair a thuigim nach bhfeicfidh mé an lámh do scríobh arís choíche.' Is léir go bhfuil uaigneas agus brón ar an bhfile.
- Sa dán *An Páiste Deiridh* cronaíonn an file a mac, an páiste deiridh. Ina seomra ag barr an tí ligeann sí anáil 'amach' agus braitheann sí 'an seomra fuar'. Is léir go bhfuil uaigneas agus brón ar an bhfile.

**(ii)** Scríobh cuntas gairid i **d'fhocail féin** ar íomhá **amháin** atá sa dán *An Páiste Deiridh*.

- **Íomhá na Neide**
  Is ionann an teach agus nead. Thóg an file agus a céile teach ar aon dul leis an gcaoi a dtógann éin neadacha. Bhí clann ag an bhfile agus a céile díreach mar a bhíonn ál gearrcach ag éin. Fásann na gearrcaigh suas. Ar aon dul leis seo d'fhás clann an fhile aníos agus d'fhag siad an nead go dtí nach raibh fágtha ach an paiste deiridh. Más é dúchas an éin an nead a fhágáil is é is dual don pháiste ná a sciatháin a oscailt agus an nead / teach a fhágáil. Is í an file an mháthair-éan. Cronaíonn sí a mac, an páiste deiridh ach tugann íomhá na neide agus na ngearrcach sólás di mar go bhfeictear dí gurb é dúchas an pháiste an teach a fhágáil agus a shaol neamhspleách féin a chaitheamh lasmuigh de nead.

- **Íomhá an tsonais agus an chiúnais**
  Tá an file sa dán seo go huile is hiomlán i dtiúin léi féin. Tá gach cuma ar an scéal gur duine í a chleachtaíonn Yoga. Tá sí ciúin inti féin. Braitheann sí 'binneas éin / agus glaine earraigh i mbarr an tí'. Tá smacht iomlán aici ar a cuid anála. Tarraingíonn sí anáil isteach. Cloiseann sí mar a bheadh glór agus gáire a mic. Ligeann sí anáil amach agus braitheann sí an seomra fuar. Ní fhaigheann na mothúcháin uaigneacha an lámh in uachtar uirthi. Smachtaíonn an t-análú tomhaiste a cuid braistintí. Amharcann sí go loighiciúil ar chúrsaí. Tá sí i dtiúin lena timpeallacht. Is é dúchas an éin an nead a fhágáil. Inniu tá sí 'suaimhneach / is na héin amuigh / agus an ghrian ag lonrú.' Ach fós féin tá sí i dtiúin léi féin 'i mbarr an tí fholaimh. Tá an file sa dán seo go huile is go hiomlán i láthair na huaire.

**(iii)** Scríobh cuntas gairid i **d'fhocail féin** ar mhothúchán **amháin** atá sa dán *Litreacha*.

- **Grá / Uaigneas / Brón / Cathú / Caitheamh i ndiaidh saoil atá thart**
  Tá uaigneas ar an bhfile mar tá sé scartha ón a ghrá geal ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Coinníonn an duine seo i dteagmháil leis trí litreacha agus cártaí a sheoladh chuige go rialta, 'gach aon oíche anois'. Aithníonn an file an pheannaireacht bheag agus néata. Aithníonn sé boladh an chumhráin 'ó na leathanaigh'. Tá na litreacha agus na cártaí gan seoladh, gan síniú. Cronaíonn sé a ghrá gheal. Bristear a chroí agus sileann deora ón a shúile nuair is léir dó nach bhfeicfidh sé an té a scríobh na litreacha nó na cártaí 'arís choíche'. Tá an dá fhocal 'arís choíche' an-éifeachtach. Ba leor ceann ar bith acu leis féin ach nuair a thagann an dá cheann le chéile tuigeann an léitheoir go bhfuil deireadh go deo le haon dóchas go dtiocfaidh an file agus a ghrá geal le chéile arís. Tá uaigneas truamhéileach sna línte scoir : Le gach focal a léimse / titim i ngrá leat arís agus arís eile./ Ach titeann na deora ó mo shúile / nuair a thuigim nach bhfeicfidh mé / an lámh do scríobh arís choíche.

Nótaí:

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(15 mharc)**

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3**.

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *t-ábhar* sin os ár gcomhair.

n*ó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de *na hábhair* seo thíos i gceist ann.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

| | | |
|---|---|---|
| (a) Ainmhí | (b) Éan | (c) Duine |
| (d) Teach | (e) Aimsir | (f) Timpeallacht |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an t-ábhar* sin os ár gcomhair.

**A (i)** *agus* **B (i)**

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal an tsaothair:** | = 1 mharc | 15 mharc |
| **Ainm an údair:** | = 1 mharc | |
| **A (ii)** *agus* **B (ii) Ábhar:** | = 5 mharc | |
| **Gaeilge:** | = 8 marc | |

**A** ***nó*** **B = 1+1+5+8 = <u>15 mharc</u>**

| **ROINN III** | **LITIR** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 5**.Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos. (Ná gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh).

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc
- **Ábhar**: 10 marc
- **Gaeilge**: 17 marc

**3 + 10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1. Na Foirmlí Ceiliúrtha:** **Seoladh:** 1 mharc
**Beannú:** 1 mharc
**Críoch:** 1 mharc

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

| **3.** | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

**4.**Litreacha neamhfhoirmeálta is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

| ROINN III | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5.** Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos.

**A**

D'fhreastail tú ar ócáid mhór spóirt le déanaí.
Scríobh litir chuig do chara faoi.

I do litir luaigh

- an ócáid mhór spóirt **agus** an áit a raibh an ócáid sin ar siúl ann
- **dhá** phointe eolais faoi na daoine a bhí ag glacadh páirte san ócáid
- pointe **amháin** faoi rud greannmhar a tharla ag an ócáid.

**B**

Bhuaigh tú duais i gcomórtas le linn Sheachtain na Gaeilge.
Scríobh litir chuig do chara faoi.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoi Sheachtain na Gaeilge
- **dhá** phointe eolais faoin gcomórtas
- rud **amháin** faoin duais.

**C**

Tá bruscar caite ar fud na háite i do cheantar féin.
Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir nuachtáin faoin scéal.

I do litir luaigh

- dhá **fháth** a mbíonn bruscar caite ar fud na háite
- **dhá** bhealach ar féidir méid an bhruscair a laghdú
- bealach **amháin** a scriosann bruscar an timpeallacht.